RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/305 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear teacht isteach san Aontas speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim.

(5) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann gar do Holy Island, Berwick Upon Tweed, Northumberland, Sasana, agus deimhníodh í an 9 Feabhra 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Thairis sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i gcontae Fulton, stát Kentucky, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 12 Feabhra 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch, agus i dtaobh ghluaiseacht agus láimhseáil na gcoinsíneachtaí sin ar theacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(7) Anuas air sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i gcontae Webster, stát Kentucky, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 15 Feabhra 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(8) Sa bhreis air sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann sa dara bunaíocht i gcontae Dubois, contae atá buailte cheana féin, stát Indiana, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 16 Feabhra 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(9) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stáit Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus leathadh an ghalair sin a theorannú.

(10) Tá faisnéis curtha isteach ag an Ríocht Aontaithe agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig an gCoimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stáit Aontaithe.

(11) Is amhlaidh atá na cúinsí sláinte ainmhithe i roinnt limistéir sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach gur gá iad a chur ar fionraí ó na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(12) Ina theannta sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch in ndáil leis an ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) a dearbhaíodh i mbunaíocht éanlaithe clóis gar do Arbroath, Angus, an Albain an 4 Samhain 2021 agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Thar aon ní eile, tar éis na ráige sin de HPAI, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Ina theannta sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar an mbunaíocht éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.

(13) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe isteach agus chinn sé go raibh an ráig de HPAI i mbunaíocht éanlaithe clóis gar do Arbroath, Angus, an Albain díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le teacht isteach san Aontas tráchtearraí éanlaithe clóis ón limistéar sa Riocht Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas na dtráchtearraí éanlaithe clóis ar fionraí de dheasca na ráige sin.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(15) Tríd an staid eipidéimeolaíoch reatha sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh an chreasa GB-2.18:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.18	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Raitítigh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		4.11.2021	8.2.2022";

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh an chreasa GB-2.97 tar éis an ró le haghaidh an chreasa GB-2.96:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.97	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		9.2.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		9.2.2022	
		Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		9.2.2022	
		Raitítigh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		9.2.2022	

		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		9.2.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		9.2.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		9.2.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		9.2.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		9.2.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		9.2.2022";	

(iii) san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh na gcriosanna US-2.5, U.S-2.6 agus US-2.7 tar éis an ró le haghaidh an chreasa US-2.4:

"**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US.2.5	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		12.2.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		12.2.2022	
		Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		12.2.2022	
		Raitítigh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		12.2.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		12.2.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		12.2.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		12.2.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		12.2.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		12.2.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		12.2.2022	
	US.2.6	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		15.2.2022	

		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		15.2.2022	
		Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		15.2.2022	
		Raitítigh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		15.2.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		15.2.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		15.2.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		15.2.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		15.2.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		15.2.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		15.2.2022	
	US.2.7	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		16.2.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		16.2.2022	
		Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		16.2.2022	
		Raitítigh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		16.2.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		16.2.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		16.2.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		16.2.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		16.2.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		16.2.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		16.2.2022";	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar an gcrios GB-2.97 tar éis an ró GB-2.96:

"an Ríocht Aontaithe	GB-2.97	Gar do Holy Island, Berwick Upon Tweed, Northumberland, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N55,67 agus W1,80";

(ii) san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar na criosanna US-2.5, US-2.6 agus US-2.7 tar éis na tuairisce ar an gcrios US-2.4:

"Stáit Aontaithe Mheiriceá	US-2.5	Stát Kentucky, agus cuid den chrios laistigh de Stát Tennessee: Contae Fulton (Fulton01): crios dar ga 10 km agus dar tús pointe Thuaidh ar theorainn an Chreasa Rialúcháin chiorclaigh Fulton 01 agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 1,0 km ó thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach S US Highway 51S agus Sawmill Road. (b) Soir ó thuaidh: 0,9 km ó dheas soir ó dheas de chrosbhealach State Route 307S agus State Route 924. (c) Soir: 0,4 km soir de chrosbhealach State Route 2150 agus State Route 129. (d) Soir ó dheas: 0,7 km soir ó dheas de chrosbhealach Billy Owens Road agus Chapel Hill Road. (e) Ó dheas: 2,3 km soir soir ó dheas de chrosbhealach Hollie Hutchinson Road agus Knox Daniel Road. (f) Siar ó dheas: 0,4 km siar ó thuaidh de chrosbhealach Hubert Harris Road agus Barham Road. (g) Siar: 1,1 km soir ó dheas de chrosbhealach State Route 1127 agus State Route 166 W. (h) Siar ó thuaidh: 2,6 km ó thuaidh soir ó thuaidh de chrosbhealach State Route 239 N agus State Route 94 W.
	US-2.6	Stát Kentucky: Contae Webster (Webster01): Crios dar ga 10 km agus dar tús pointe Thuaidh ar theorainn an Chreasa Rialúcháin chiorclaigh Webster01 agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 2,1 km o thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach Edward T Breathitt Pennyrile Parkway agus State Road 56W. (b) Soir ó thuaidh: 1,8 km ó thuaidh de chrosbhealach Roland Landing agus Gravel Pit Road.

		(c) Soir: 1,1 km siar de chrosbhealach Weldon Road agus Onton Road (d) Soir ó dheas: 3,6 km soir ó dheas de chrosbhealach Edward T Breathitt Pennyrile Parkway agus Jewel City Road. (e) Ó dheas: 0,4 km soir de chrosbhealach Jones Road agus Stagecoach Road. (f) Siar ó dheas: 1,1 km siar ó thuaidh de chrosbhealach Gooch Jones Road agus State Route 120 E. (g) Siar: 0,7 km ó dheas soir ó dheas de chrosbhealach State Route 283 agus State Route 132 E. (h) Siar ó thuaidh: 1,8 km siar ó dheas de chrosbhealach State Route 56 E agus Cottingham Pratt Road.
	US-2.7	Stát Indiana: Contae Dubois (Dubois02): Crios dar ga 10 km agus dar tús pointe Thuaidh ar theorainn an Chreasa Rialúcháin chiorclaigh Dubois 02 agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 1,2 km ó thuaidh soir ó thuaidh de chrosbhealach E. Schnellville Road agus S Rustic Lane. (b) Soir ó thuaidh: 2,1 km ó thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach mhórbhealaí S 600E agus E 400S. (c) Soir: 1,0 km siar ó thuaidh de chrosbhealach S. Schnell Road agus S. Kyana Road. (d) Soir ó dheas: 0,7 km ó thuaidh de chrosbhealach mhórbhealach 64 agus E. Ferdinand Road E. (e) Ó dheas: 0,4 km soir ó thuaidh de chrosbhealach County Road 875 E agus E County Road 2100N. (f) Siar ó dheas: 0,9 km soir de chrosbhealach S US Highway 231 agus W 1100 S. (g) Siar: 0,8 km soir ó thuaidh de chrosbhealach S 500W agus W 630S. (h) Siar ó thuaidh: 1,0 km ó thuaidh de chrosbhealach S US Highway 231 agus S Witz Road”;

(2) leasaítear Iarscríbhinn XIV mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh an chreasa GB-2.18:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.18	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		4.11.2021	8.2.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		4.11.2021	8.2.2022";

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh an chreasa GB-2.97 tar éis an ró le haghaidh an chreasa GB-2.96:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.97	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		9.2.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		9.2.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		9.2.2022";	

(iii) san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh na gcriosanna US-2.5, U.S-2.6 agus US-2.7 tar éis an ró le haghaidh an chreasa US-2.4:

"**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US-2.5	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		12.2.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		12.2.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		12.2.2022	
	US-2.6	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		15.2.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		15.2.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		15.2.2022	
	US-2.7	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		16.2.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		16.2.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		16.2.2022";	

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar na criosanna US-2.5, U.S-2.6 agus US-2.7 tar éis na tuairisce ar an gcrios US-2.4:

"Stáit Aontaithe Mheiriceá	US-2.5	Stát Kentucky, agus cuid den chrios laistigh de Stát Tennessee: Contae Fulton (Fulton01): crios dar ga 10 km agus dar tús pointe Thuaidh ar theorainn an Chreasa Rialúcháin chiorclaigh Fulton 01 agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 1,0 km ó thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach S US Highway 51S agus Sawmill Road. (b) Soir ó thuaidh: 0,9 km ó dheas soir ó dheas de chrosbhealach State Route 307S agus State Route 924. (c) Soir: 0,4 km soir de chrosbhealach State Route 2150 agus State Route 129. (d) Soir ó dheas: 0,7 km soir ó dheas de chrosbhealach Billy Owens Road agus Chapel Hill Road. (e) Ó dheas: 2,3 km soir soir ó dheas de chrosbhealach Hollie Hutchinson Road agus Knox Daniel Road. (f) Siar ó dheas: 0,4 km siar ó thuaidh de chrosbhealach Hubert Harris Road agus Barham Road. (g) Siar: 1,1 km soir ó dheas de chrosbhealach State Route 1127 agus State Route 166 W. (h) Siar ó thuaidh: 2,6 km ó thuaidh soir ó thuaidh de chrosbhealach State Route 239 N agus State Route 94 W.
	US-2.6	Stát Kentucky: Contae Webster (Webster01): Crios dar ga 10 km agus dar tús pointe Thuaidh ar theorainn an Chreasa Rialúcháin chiorclaigh Webster01 agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 2,1 km o thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach Edward T Breathitt Pennyrile Parkway agus State Road 56W. (b) Soir ó thuaidh: 1,8 km ó thuaidh de chrosbhealach Roland Landing agus Gravel Pit Road. (c) Soir: 1,1 km siar de chrosbhealach Weldon Road agus Onton Road (d) Soir ó dheas: 3,6 km soir ó dheas de chrosbhealach Edward T Breathitt Pennyrile Parkway agus Jewel City Road. (e) Ó dheas: 0,4 km soir de chrosbhealach Jones Road agus Stagecoach Road. (f) Siar ó dheas: 1,1 km siar ó thuaidh de chrosbhealach Gooch Jones Road agus State Route 120 E. (g) Siar: 0,7 km ó dheas soir ó dheas de chrosbhealach State Route 283 agus State Route 132 E. (h) Siar ó thuaidh: 1,8 km siar ó dheas de chrosbhealach State Route 56 E agus Cottingham Pratt Road.

	US-2.7	Stát Indiana: Contae Dubois (Dubois02): Crios dar ga 10 km agus dar tús pointe Thuaidh ar theorainn an Chreasa Rialúcháin chiorclaigh Dubois 02 agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 1,2 km ó thuaidh soir ó thuaidh de chrosbhealach E. Schnellville Road agus S Rustic Lane. (b) Soir ó thuaidh: 2,1 km ó thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach mhórbhealaí S 600E agus E 400S. (c) Soir: 1,0 km siar ó thuaidh de chrosbhealach S. Schnell Road agus S. Kyana Road. (d) Soir ó dheas: 0,7 km ó thuaidh de chrosbhealach Highway 64 agus E. Ferdinand Road E. (e) Ó dheas: 0,4 km soir ó thuaidh de chrosbhealach County Road 875 E agus E County Road 2100N. (f) Siar ó dheas: 0,9 km soir ó thuaidh de chrosbhealach S US Highway 231 agus W 1100 S. (g) Siar: 0,8 km soir ó thuaidh de chrosbhealach S 500W agus W 630S. (h) Siar ó thuaidh: 1,0 km ó thuaidh de chrosbhealach S US Highway 231 agus S Witz Road”.